



Fógra maidir le Folúntas Seachtrach san Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (EASO)

TAG.: EASO/2018/TA/016

Teideal na feidhme	Oifigeach Oibríochtaí – Athlonnú
Cineál conartha	Gníomhaire Sealadach
Feidhmghrúpa – Grád	AD 6

1. CÉ SINN

Déanann an Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn (dá ngairtear “EASO” anseo feasta), a bunaíodh le Rialachán 439/2010¹, neartú ar chomhar praiticiúil na mBallstát den Aontas Eorpach (AE) maidir le tearmann, cuireann sí le cur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CEAS), agus tacaíonn sí le Ballstáit a bhfuil a gcórais tearmainn agus glactha faoi bhrú ar leith.

Go sonrach, díríonn EASO ar thrí phríomhchúram:

1. Tacú le comhar praiticiúil i measc na mBallstát maidir le tearmann, go príomha trí oiliúint, gníomhaíochtaí ar ardchaighdeán, faisnéis faoi thír thionscnaimh (COI), staitistic agus anailís, sainlíonraí speisialaithe, ceardlanna maidir le comhar praiticiúil, tacaíocht théamach maidir le mionaoisigh gan tionlacan, gáinneáil ar dhaoine agus inscne;
2. Tacú le Ballstáit atá faoi bhrú ar leith trí thacaíocht éigeandála, lena n-áirítear foirne tacaíochta do chúrsaí tearmainn a imscaradh chun cabhrú le Ballstáit AE bainistiú a dhéanamh ar iarratais ar thearmann agus saoráidí cuí glactha a chur i bhfeidhm;
3. Rannchuidiú le cur chun feidhme CEAS trí fhaisnéis faoi dhea-chleachtas a bhailiú agus a mhalartú, tuarascáil bhliantúil a chur le chéile ar an staid tearmainn san AE ina gcumhdaítear an nós imeachta iomlán maidir le tearmann i mBallstáit AE, agus doiciméid theicniúla a ghlacadh ar chur chun feidhme acquis nua an AE maidir le tearmann.

Tá ceanncheathrú EASO lonnaithe i gCuan Vaileite (Málta).

2. AN TAIRISCINT

Oibreoidh an tOifigeach Oibríochtaí – Athlonnú, a bhainisteoidh an tSaoráid Tacaíochta Athlonnaithe, san Aonad Oibríochtaí (OPU), laistigh den Roinn Oibríochtaí (DOP), agus tacóidh sé le gníomhaíochtaí Earnáil Gné Seachtraí EASO (EDS) lena dtugtar tacaíocht theagmhálach d’iarrachtaí na mballstát AE agus fócas príomhúil ar athlonnú ón Tuirc.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Bealtaine 2010 (IO L 132, 25.5.2010, lch. 11).

Cuirfidh EASO an tSaoráid Tacaíochta Athlonnaithe ar bun mar thionscadal píolótach ar feadh tréimhse thosaigh 18 mí mar thoradh ar chomhairliúcháin fhorleathana le Ballstáit an AE agus leis an gCoimisiún Eorpach, chomh maith le páirtithe leasmhara eile. Iarrfar ar sholáthraí seirbhíse, a roghnófar trí nós imeachta tairisceana oscailte, an tseirbhís thiomnaithe agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar. Is é aidhm na Saoráide Tacaíochta Athlonnaithe ná tacú le hoibríochtaí athlonnaithe na mBallstát ón Tuirc.

Beidh an tOifigeach Oibríochtaí freagrach go príomha as na cúraimí seo a leanas:

- An tSaoráid Tacaíochta Athshlánaithe de chuid EASO sa Tuirc a bhainistiú de réir bheartais EASO agus tacaíocht agus comhairle a thabhairt do Cheann na hEarnála Gné Seachtraí (EDS) agus do Cheann an Aonaid Oibríochtaí (OPU) lena n-áirítear pleanáil agus feidhmiú an bhuiséid bhliantúil;
- Forbairt agus tuairisciú a dhéanamh do Cheann na hEarnála Gné Seachtraí maidir le straitéis chuimsitheach i gcomhair Shaoráid Tacaíochta Athlonnaithe EASOS sa Tuirc a fhorbairt agus a chur chun feidhme;
- Tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit ina n-iarrachtaí chun athlonnú a mhéadú faoi scéimeanna Athlonnaithe na hEorpa sa Tuirc agus chun tacú le comhar teicniúil agus praiticiúil idir na Ballstáit;
- An tSaoráid Tacaíochta Athlonnaithe a bhainistiú lena n-áirítear an comhordú agus an comhoibriú ábhartha leis na Ballstáit, leis an Tuirc agus le páirtithe leasmhara eile agus le gníomhaithe atá i gceist;
- Deimhin a dhéanamh de go soláthraítear ar bhealach tráthúil réamhghníomhach na haschuir inmhianaithe ó ghníomhaíochtaí tacaíochta na Saoráide Tacaíochta Athlonnaithe do na Ballstáit sa Tuirc;
- Deimhin a dhéanamh de go bhfeidhmíonn an tSaoráid Tacaíochta Athlonnaithe go rianúil agus go ndéantar tSaoráid sin a bhainistiú;
- Faireachán a dhéanamh ar fhorghníomhú an bhuiséid leithdháilte don tSaoráid Tacaíochta Athlonnaithe, lena n-áirítear gach socrú conarthach, riaracháin, lóistíochta, soláthair agus cur chun feidhme chun gníomhaíochtaí tacaíochta a chur chun feidhme go héifeachtach, maidir leis an obair a dhéanann soláthraithe seirbhíse seachtracha a bhfuil conradh acu chun gníomhaíochtaí sonracha (e.g. ateangaireacht) atá de dhíth a chomhlíonadh i gcomhthéacs an athlonnaithe;
- Tuairisciú ar ghníomhaíochtaí agus tacaíocht a thabhairt do Cheann na hEarnála Gné Seachtraí (EDS), ábhar a ullmhú le haghaidh cruinnithe ardleibhéil agus ionchur a dhéanamh do dhoiciméid bheartais eile maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an tSaoráid Tacaíochta Athlonnaithe;
- Deimhin a dhéanamh de go ndéantar faireachán agus meastóireacht éifeachtach ar an tSaoráid Tacaíochta Athlonnaithe trí chomhordú agus comhoibriú dlúth leis an Aonad Pleanála agus Meastóireachta (PEU) laistigh den Roinn Oibríochtaí (DOP);
- Comhoibriú/comhordú le hAonaid/Earnálacha/Oifigí de chuid EASO ar shaincheisteanna laistigh d'inniúlacht an tsealbhóra oifige ar mhaithe le feidhmiú éifeachtach na Saoráide Tacaíochta Athlonnaithe;
- Idirchaidreamh a dhéanamh le hInstitiúidí, Gníomhaireachtaí agus Comhlachtaí AE, Eagraíochtaí Idirnáisiúnta, Údaráis na mBallstát agus eagraíochtaí neamhrialtasacha a bhaineann leis an tSaoráid Tacaíochta Athlonnaithe faoi threoir Cheann na hEarnála Gné Seachtraí (EDS);
- Tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí eile i réimse an Gné Seachtraí, de réir Straitéis Gníomhaíochta Seachtraí EASO faoi threoir Cheann na hEarnála Gné Seachtraí (EDS);
- Aon chúraimí eile a bheidh de dhíth, agus a iarrfaidh Ceann na hEarnála Gné Seachtraí, a chomhlíonadh.
- Taisteal le haghaidh misin ghearrthéarmacha agus/nó fhadtéarmacha chuig an Tuirc agus b'fhéidir chuig Tríú tíortha eile, de réir mar is gá, chun tacú le cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí agus

chun comhoibriú praiticiúil a éascú ar an talamh ar bhealach an-solúbtha agus i ndlúthchomhar leis na hAonaid agus na hEarnálacha ábhartha de EASO.

3. A BHFUIL Á LORG AGAINN

A) Critéir incháilitheachta

Measfar go bhfuil iarrthóirí incháilithe don chéim roghnúcháin ar bhonn na gcritéar foirmiúil seo a leanas nach mór a bheith comhlíonta faoin spriocdháta le haghaidh iarratas:

1. Leibhéal oideachais arb ionann é agus 4 bliana ar a laghad de staidéar ollscoile críochnaithe atá fianaithe le diplóma² a bheith aige/aici agus taithí ghairmiúil chuí 3 bliana ar a laghad a bheith gnóthaithe aige/aici tar éis dó/di an diplóma ollscoile sin a bhaint amach, nó

Leibhéal oideachais arb ionann é agus 3 bliana ar a laghad de staidéar ollscoile críochnaithe atá fianaithe le diplóma a bheith aige/aici agus taithí ghairmiúil chuí 4 bliana ar a laghad a bheith gnóthaithe aige/aici tar éis dó/di an diplóma ollscoile sin a bhaint amach;

2. A bheith ina náisiúnach de cheann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, de Lichtinstéin, den Iorua nó den Eilvéis;
3. A bheith i dteideal a gceart iomlán mar shaoránaigh;
4. Aon oibleagáidí faoi na dlíthe a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu;
5. Eolas cuimsitheach a bheith acu ar cheann amháin de theangacha oifigiúla AE agus eolas sásúil a bheith acu ar cheann eile de na teangacha sin sa mhéid is gá chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh;
6. Na riachtanais charachtair maidir leis na dualgais atá i gceist a chomhlíonadh³;
7. A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh⁴.

B) Critéir roghnúcháin

Má chomhlíonann siad na critéir incháilitheachta atá leagtha amach i gcuid A) *Critéir incháilitheachta*, déanfar measúnú ar iarratais na n-iarrthóirí ar bhonn na gcritéar roghnúcháin seo a leanas. Tabharfar cuireadh chun agallaimh do na hiarrthóirí is oiriúnaí.

² Ní ghlacfar ach le diplómaí arna n-eisiúint ag údaráis na mBallstát AE agus le diplómaí arna n-aithint mar dhiplómaí coibhéiseacha ag comhlachtaí ábhartha na mBallstát AE. Má rinneadh an príomhstaidéar lasmuigh den Aontas Eorpach, ní mór cáilíocht an iarrthóra a bheith aitheanta ag comhlacht ar tharmlig ceann amháin de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh (amhail Aireacht Oideachais náisiúnta) go hoifigiúil é chun na críche sin agus ní mór doiciméad lena bhfianaítear an méid sin a chur isteach i gcás ina bhfaigheann tú cuireadh chun agallaimh. Cuirfidh sé sin ar chumas an bhoird roghnúcháin leibhéal na gcáilíochtaí a mheasúnú go cruinn.

³ Sula gceapfar é/í, iarrfar ar an iarrthóir rathúil sliocht as a c(h)omhad ciontuithe a chur ar fáil.

⁴ Sula gceapfar é/í, ní mór don iarrthóir rathúil dul faoi scrúdú leighis a dhéanfaidh duine d'oifigigh leighis na n-institiúidí chun EASO a shásamh go gcomhlíonann sé/sí riachtanas Airteagal 28(e) de Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach.

Riachtanach

1. Trí bliana, ar a laghad, de thaithí ghairmiúil ábhartha sna réimsí a luaitear faoi Chuid 2;
2. Taithí ar réimse na forbartha idirnáisiúnta, na cosanta idirnáisiúnta agus/nó na himirce lena n-áirítear athlonnú i gcomhréir le Cuid 2;
3. Taithí chruthaithe ar bhuiséid oibríochtúla, foirne agus acmhainní eile a bhainistiú agus a chur chun feidhme;
4. Taithí chruthaithe ar gheallsealbhóirí lena n-áirítear Údaráis agus Saineolaithe na mBallstát, Oifigigh agus Cleachtóirí Tríú Tíortha, Soláthraithe Seirbhíse/Soláthair etc. a chomhordú agus a bhainistiú;
5. Taithí ar chomhar le hÚdaráis na mBallstát, Comhlachtaí AE, Eagraíochtaí Idirnáisiúnta agus/nó Eagraíochtaí Sochaí Sibhialta atá gníomhach i réimse an athlonnaithe.

Buntáisteach

1. Taithí agus rannpháirtíocht i misin agus cláir athlonnaithe;
2. Taithí ag obair laistigh de thimpeallacht idirnáisiúnta agus ilchultúrtha, sna Tríú Tíortha thar aon áit eile;
3. Taithí i bpost a bhaineann leis na dualgais réamhluaite in Institiúid, Gníomhaireacht nó Comhlacht Eorpach nó in Eagraíocht Idirnáisiúnta;
4. Inniúlacht sa Tuircis.

Measúnú le linn an phróisis agallaimh

Na hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh dóibh páirt a ghlacadh sa phróiseas agallaimh (agallamh agus triail scríofa), déanfar measúnú orthu ar bhonn na gcritéar seo a leanas atá riachtanach don phost:

1. Sárinniúlachtaí anailíseacha, sárscileanna pleanála agus réitigh fadhbanna agus an cumas chun tascanna oibre a chur in ord tosaíochta agus torthaí a sholáthar faoi bhrú;
2. An cumas chun comhoibriú i bhfoireann i dtimpeallacht idirnáisiúnta ilchultúrtha;
3. Dea-scileanna cumarsáide;
4. Eolas ar mhisean agus ar chomhthéacs eagrúcháin EASO a bhaineann le Gné Sheachtrach CEAS agus béim ar leith ar athlonnú;
5. Mionchruinneas, rúndacht, ionracas agus discríd;
6. Sárchumas Béarla, idir labhairt agus scríobh, lena n-áirítear cumas chun tuarascálacha, uirlisí agus láithreoireachtaí a dhréachtú as Béarla;
7. An cumas chun trealamh leictreonach oifige agus feidhmchláir leictreonacha oifige a úsáid (próiseáil focal, scarbhileoga, láithreoireachtaí, cumarsáid leictreonach, an t-idirlíon, etc.)

4. ROGHNÚ AGUS CEAPADH

Ba i mí Bealtaine 2010 a glacadh an Rialachán lena bhforáiltear an bunús dlí le haghaidh EASO (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 132 an 29.5.2010).

Déanfaidh Coiste Roghnóireachta measúnú ar incháilitheacht iarrthóirí de réir chomhlíonadh na gcritéir incháilitheachta go léir faoin dáta deiridh le haghaidh iarratais a chur isteach.

Is bunaithe ar na critéir roghnúcháin a dhéanfar measúnú ar iarratais na n-iarrthóirí incháilithe freisin. Tar éis an mheasúnaithe sin, d'fhéadfaí cuireadh a thabhairt do na hiarrthóirí is airde rangú freastal ar thriail inniúlachta scríofa agus ar agallamh, a reáchtálfar trí Bhéarla den chuid is mó.

Beidh na comhpháirteanna seo a leanas i gceist leis an agallamh:

- Cineálacha ginearálta cumais inniúlachta agus teanga a mhéid is gá chun a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 12.2(e) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach (CEOS);
- Inniúlachtaí sonracha maidir le próifíl na n-iarratasóirí i gcomhréir leis na critéir roghnúcháin don Fhógra Folúntais láithreach.

Ní mór d'iarrthóirí a mbeidh cuireadh faighte chuig agallamh acu doiciméid bhunaidh agus cóipeanna de na doiciméid atá liostaithe thíos a thabhairt leo:

- Doiciméad lena gcruthaítear a saoránacht (e.g. pas);
- Teastais lena bhfianaítear a gcáilíochtaí oideachais agus gairmiúla, go háirithe iad sin lena dtugtar rochtain ar an bpróifíl i gceist;
- Fianaise dhoiciméadach ar a dtaithí ghairmiúil tar éis an dáta ar a bhfuair an t-iarrthóir an cháilíocht lena dtugtar rochtain ar an bpróifíl i gceist, lena gcuirtear in iúl go soiléir na dátaí tosaithe agus críochnaithe, cé acu a bhí an taithí lánaimseartha nó páirtaimseartha, agus cineál na ndualgas a cuireadh i gcrích.

Cuirfidh an Coiste Roghnóireachta gearrliosta d'iarrthóirí rathúla faoi bhráid an Údaráis Ceapacháin, a dhéanfaidh cinneadh ar cheapadh an iarrthóra rathúil agus ar liosta ionadaithe a bhunú don phost fógartha. Tabharfaidh iarrthóirí dá n-aire nach gcinnteofar earcaíocht trína n-áireamh ar an liosta ionadaithe. Beidh earcaíocht bunaithe ar an bhfáil ar phoist agus ar bhuiséad.

Beidh an liosta ionadaithe don phost seo bailí go dtí an 31 Nollaig 2019 agus féadfar é a shíneadh faoi rogha an Údaráis Ceapacháin.

Sula síneofar an Conradh, iarrfar ar an iarrthóir rathúil dul faoi scrúdú éigeantach leighis a dhéanfaidh duine d'oifigigh leighis na n-institiúidí chun EASO a shásamh go gcomhlíonann sé/sí ceanglas Airteagal 28(e) de Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach.

5. COMHDHEISEANNA

Cuireann EASO beartas comhdheiseanna i bhfeidhm agus glacann sé le hiarratais gan aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras amhail inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún, tuairimí polaitiúla nó aon tuairimí eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach

6. COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA

Is é an Stiúrthóir Feidhmiúcháin a cheapfaidh an Gníomhaire Sealadach ar mholadh ón gCoiste Roghnúcháin, tar éis an nós imeachta roghnúcháin.

Earcófar é/í mar ghníomhaire sealadach de bhun Airteagal 2(f) de CEOS go ceann tréimhse **5 bliana**, ar tréimhse í a fhéadfar a athnuachan. Cuirfear an post atá i gceist mar ghníomhaire sealadach i ngrúpa AD 6.

Beidh tréimhse phromhaidh thosaigh a mhairfidh naoi mí i bhfeidhm ar aon iarrthóir a earcófar.

An pá do **Ghníomhaire Sealadach, AD 6 (céim 1)**, cuimsítear ann **buntuarastal EUR 5 326.04** arna ualú leis an gcomhéifeacht cheartúcháin (arb ionann í agus 86.5% i gcás Mhálta faoi láthair). Tá liúntais éagsúla, liúntais teaghlaigh san áireamh, ag gabháil leis an mbuntuarastal sin. Tá tuarastal ball foirne faoi réir cáin de chuid an Aontais Eorpaigh, a asbhaintear ag an bhfoinse. Tá baill foirne díolmhaithe ó cháin náisiúnta a íoc ar thuarastal agus is baill iad de scéimeanna slándála sóisialta agus pinsean an Aontais Eorpaigh.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi dhálaí oibre ball foirne sealadach féach CEOS:

<http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CONSLEG:1962R0031:20140101:EN:PDF>

Is é **Cuan Vaileite (Málta)** an áit fostaíochta.

7. NÓS IMEACHTA CHUN IARRATAS A DHÉANAMH

Chun iarratas bailí a dhéanamh, cuirfidh iarrthóirí a n-iarratas isteach go leictreonach trí shuíomh Gréasáin EASO sa rannán dar teideal Vacancies. Ba cheart dóibh dul isteach in uirlis iarratais EASO, a bpróifíl a chruthú agus gach ceann de na réimsí riachtanacha a líonadh isteach sula gcuireann siad a n-iarratas isteach. Ní mór an t-iarratas a bheith comhlánaithe i mBéarla agus ní mór gach cuid a bheith comhlánaithe go hiomlán.

Cuirfear cosc leis an gcóras aon iarratas a chur isteach tar éis an dáta agus an ama atá luaite thíos.

Dícháileofar iarratais neamhiomlána agus caithfear leo mar iarratais neamh-incháilithe.

Tabhair do d'aire, le do thoil, go bhféadfadh go mairfeadh an próiseas roghnúcháin roinnt míonna.

D'fhonn an próiseas roghnúcháin a éascú, is i mBéarla a bheidh an comhfhreagras ar fad a sheolfar chuig iarrthóirí maidir leis an bhfolúntas.

Níor cheart d'iarrthóirí dul i dteagmháil leis an gCoiste Roghnóireachta, go díreach ná go hindíreach, i gcás ar bith maidir leis an bpróiseas earcaíochta seo. Coimeádann an tÚdarás Ceapacháin an ceart aige féin chun aon iarrthóir a thugann neamhaird ar an treoir sin a dhícháiliú.

An dáta deiridh:

Is é an dáta deiridh chun na hiarratais a chur isteach ná **17 Nollaig 2018 ag 13:00** (am na Bruiséile). Ní thabharfaidh EASO aird ar aon iarratas a gheofar tar éis an dáta agus an ama sin.

Moltar go mór d'iarratasóirí **gan fanacht go dtí an lá deiridh** chun a n-iarratas a chur isteach mar go bhféadfadh trácht trom Idirlín nó fabht sa nasc Idirlín a bheith ina gcúis le deacrachtaí nuair a bheifear ag cur iarratais isteach. Ní bheidh EASO freagrach as moill ar bith de bharr deacrachtaí den sórt sin.

Más rud é go n-aimsítear ag céim ar bith den nós imeachta gur mícheart atá cuid ar bith den fhaisnéis a thug iarrthóir, dícháileofar an t-iarrthóir sin⁵.

8. COSAINT SONRAÍ

Is é an cuspóir a bhaineann leis na sonraí a chuir an t-iarrthóir isteach a phróiseáil ná iarrata(i)s an iarrthóra a bhainistiú d'fhonn roghnú agus earcú féideartha ag EASO a dhéanamh.

Ní chuireann EASO ainmneacha na n-iarrthóirí rathúla ar liostaí ionadaithe ar fáil go poiblí. D'fhéadfadh, áfach, chun críocha earcaíochta agus chun críocha gaolmhara pleanála, go mbeadh rochtain ag baill d'fhoireann bhainistíochta EASO ar liostaí ionadaithe agus, i gcásanna sonracha, ar fhoirm iarratais iarrthóra (gan doiciméid tacaíochta a áireamh, ar doiciméid iad a choimeádann an rannóg pearsanra i modh rúin). Coimeádtar comhaid iarratais iarrthóirí neamhearcaithe ar feadh dhá bhliain ó dháta éaga an liosta ionadaithe, agus scriostar iad tar éis na tréimhse sin.

Próiseálfar na sonraí pearsanta a iarrtar i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le cosaint daoine aonair i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí AE agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin.

9. NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC

De bhun Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais, féadfaidh iarrthóir gearán a chur isteach i gcoinne gnímh a bhfuil dochar á dhéanamh aige dó/di. Ní mór an gearán a chur isteach chuig an seoladh seo a leanas laistigh de 3 mhí ón dáta ar tugadh fógra:

An Stiúrtóir Feidhmiúcháin

An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn

MTC Block A, Winemakers Wharf, Grand Harbour Valletta, MRS 1917

Málta

Sa chás go ndiúltaítear don ghearán, de bhun Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile, féadfaidh iarrthóir athbhreithniú breithiúnach ar an ngníomh a iarraidh. Ní mór an t-achomharc a chur isteach chuig an seoladh seo a leanas laistigh de 3 mhí ón dáta ar tugadh fógra:

An Binse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh

Boulevard Konrad Adenauer

L-2925 Lucsamburg

⁵ Más ann do neamhréireachtaí idir na leaganacha sna teangacha éagsúla, glactar leis gurb é an leagan Béarla an leagan ceart



Lucsamburg

Má chreideann tú go raibh drochriarachán i gceist, féadfaidh tú gearán a thaisceadh leis an Ombudsman Eorpach laistigh de dhá bhliain ón dáta ar tháinig tú chun fios a bheith agat i dtaobh na bhforas ar a bhfuil an gearán sin bunaithe (féach <http://www.ombudsman.europa.eu>), nó féadfaidh tú scríobh chuig:

An tOmbudsman Eorpach
1, Avenue du President Robert Schuman -BP 403
F-67001 Strasbourg Cedex
An Fhrainc

Tabhair do d'aire, le do thoil, nach bhfuil d'éifeacht ag an tréimhse a luaitear in Airteagal 90 agus in Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigeach agus Coinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile le haghaidh gearáin a thaisceadh nó achomharc a chur isteach de bhun Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a fhionraí.